Ráiteas Straitéise

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Lúnasa 2016

CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Straitéis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is próiseas tábhachtach é agus is maith an rud go bhfuil deis ag an phobal inchur a bheith acu ar an Ráiteas seo.

Ba é ceann de na cuspóirí a bhí leagtha síos sa Ráiteas Straitéise 2015-2017 ná "*An Cliant a chur chun tosaigh i Lár Seirbhísí agus Beartas.*" Ní féidir é seo a dhéanamh mar is cuí mura bhfuil daoine in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí trí mheán na Gaeilge. Tá roinnt céimeanna praiticiúla gur féidir glacadh le cinntiú gur féidir le daoine teacht ar an tseirbhís seo, agus ar a bharr sin tá sé tábhachtach go gcuirtear riachtanais phobal na Gaeilge agus Gaeltachta in san áireamh mar chuid d'aon phróiseas pleanála nó aon soláthar seirbhíse atá beartaithe ag an Roinn.

Thíos anseo tá roinnt moltaí ar bhealaí gur féidir seirbhísí Gaeilge agus Gaeltachta a chur san áireamh mar chuid den Ráiteas seo.

SCÉIM TEANGA

Tá cuid mhór spriocanna leagtha síos i Scéim Teanga na Roinne[1] agus ba chóir go mbeadh an scéim agus na spriocanna seo curtha san áireamh mar chuid de Straitéis na Roinne do na blianta amach romhainn. Tá spriocanna fíor-thábhachtach leagtha síos san Scéim seo maidir le oiliúint foirne agus le feabhsú seirbhísí agus ba chóir go mbeadh an obair atá le déanamh leis na spriocanna seo a chur i gcrích aitheanta mar chuid den phríomh-Straitéis seo.

Ní leor freagracht le haghaidh seirbhísí Gaeilge agus Gaeltachta a thabhairt do ghrúpa daoine áirithe taobh istigh den Roinn. Leis an Scéim Teanga a chur i gcrích mar is ceart is gá don Roinn iomlán bheith páirteach ann. Tá sé tábhachtach fosta go dtuigtear cén fáth an bhfuil a leithid de Scéim i bhfeidhm sa Roinn, mar shampla, trí fheachtas ardú feasachta a dhéanamh le baill foirne.

Más rud go bhfuil an Scéim Teanga luaite go sonrach mar chuid lárnach den Ráiteas seo, beidh tuilleadh airde tugtha don Scéim seo agus beidh sé níos fusa na spriocanna seo a bhaint amach má tá na haidhmeanna seo príomhshruthaithe i ngach gnéithe d'obair na Roinne.

[1] Ar fáil: https://www.welfare.ie/en/Pages/OLA-Scheme-2015-2018.aspx

CAIGHDEÁN NA SEIRBHÍSÍ

Ba chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge ar chomhchaighdeán leo siúd atá ar fáil trí mheán an Bhéarla. Más rud go bhfuil tuilleadh ama nó iarrachta de dhíth ar dhaoine a gcuid gnó a dhénamh trí mheán an Bhéarla, mothaítear gur chóir an rogha Béarla a úsáid agus baineann seo an rogha ón duine ar fad.

Níor chóir go mbeadh ar dhaoine tuilleadh ama a chaitheamh ag fanacht labhair le duine éigin ar an fhón nó go mbeadh siad ag fanacht tréimhse ama níos faide le freagra a fháil ar ríomhphost nó trí litir. Le bheith dáiríre faoi seirbhísí cuimsitheach a chur ar fáil as Gaeilge, caithfear cinntiú nach dtarlaíonn a leithid de na rudaí seo nó baineann sé seo go mór ó eispéaras an chustaiméara.

Fosta, nuair atá foirmeacha, nuachtráitis, ailt nó eile á bhfoilsiú, ba chóir go ndéanfar é seo go dátheangach ón tús. Ní leor leagan Béarla a éisiúint agus leagan Gaeilge a éisiúint tamall ina dhiaidh. Is droch-chleachtadh é seo a léiríonn dímheas ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta.

TAIRISCINT GHNÍOMHACH

Caithfear daoine a chur ar an eolas go bhfuil rogha Gaeilge atá ar chomhchaighdeán leis an rogha Béarla ar fáil. Mura bhfuil an pobal ar an eolas gur féidir seirbhísí á éileamh trí mheán na Gaeilge, ní dhéanfaidh siad iarracht é sin a dhéanamh, agus mar sin de ní féidir tomhas ar bith a dhéanamh ar an éileamh atá ann le haghaidh seirbhísí trí Ghaeilge. I suirbhé a rinneadh ag Millward Brown ag tús 2015, dúirt 70% de dhaoine ó dheas go n-aontaíonn siad gur choir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid. Ní raibh ach 13% de dhaoine nár aontaigh leis seo, agus léiríonn sé seo go bhfuil toill ón phobal ann seirbhísí ardchaighdeán Gaeilge a chur ar fáil.[2]

Is próiseas iontach praiticiúil é tairiscint ghníomhach a chur ar fáil do dhaoine, agus níl i gceist anseo ach cur in iúl do dhaoine go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil, rud atá ag tarlú cheánna féin. Ba chóir go ndéanfar seo trí chomharthaíocht dátheangach i bhfoirgnimh, trí rogha a chur ar fáil ar an guthán agus trí nóta a chur ar ríomhphoist nó ar chomhfhreagras eile a rá go bhfuil fáilte roimh an Ghaeilge.

[2] *Céard é an Scéal? Tuairimí an Phobail i leith na Gaeilge*, Conradh na Gaeilge, 2015, lch 8

CONCLÚID

Tá Scéim Teanga measartha láidir á cur i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi láthair agus is é ceann de na rudaí is fearr gur féidir leis an Roinn a dhéanamh leis seo a chur i gcrích faoi láthair ná cinntiú go bhfuil sé príomhshruthaithe in obair na Roinne tríd an Ráiteas Straitéiseach seo. Tríd na rudaí seo a dhéanamh is féidir an seirbhís a chuirtear ar fáil do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta a fheabhsú de réir a chéile ar bhonn leanúnach. Tá Conradh na Gaeilge sásta an aighneacht seo agus na moltaí atá istigh ann a phlé leis an Roinn ag am ar bith.